An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Tuarascáil faoin

# Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008

# a Chuimsíonn an Tréimhse

# ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016

**Réamhrá ón Tánaiste**

Tá áthas orm an cúigiú tuarascáil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008, a chuimsíonn an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016, a chur i láthair. Cé go saothraíonn Éire beartais um shaorthrádáil agus margaí oscailte, aithnímid freisin croíphrionsabail na slándála náisiúnta, na cobhsaíochta réigiúnaí agus an mheasa ar chearta an duine. Is prionsabail iad sin atá mar bhunús do rialuithe onnmhairí.

Sa tuarascáil seo, dírítear ar na príomhfhorbairtí reachtacha agus ar an ngníomhaíocht ceadúnúcháin sa bhliain 2016. Tugtar sonraí freisin faoi líon na n-iarratas a rinneadh ar cheadúnais agus faoi luach agus cheann scríbe na n-onnmhairí ceadaithe. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil freisin ar na smachtbhannaí éagsúla trádála a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2016.

De réir an dlí idirnáisiúnta, chloígh Éire leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde ó thaobh rialú onnmhairí de. Fáiltím roimh an dea-chomhar leanúnach atá ann idir cuideachtaí onnmhairiúcháin agus an tAonad Ceadúnúcháin Onnmhairiúcháin. Mholfainn do chuideachtaí nósanna imeachta éifeachtacha um chomhlíonadh inmheánach a choinneáil ar bun freisin chun a chinntiú gur féidir leo ról a imirt maidir le cobhsaíocht agus le meas ar chearta an duine a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá rún daingean agam trédhearcacht a chinntiú i bhfeidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí. Chuige sin, foilsíonn an Roinn seo sonraí achoimre faoi onnmhairiú táirgí rialaithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne, mar aon le tuarascálacha maidir le feidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí.

____________________

Frances Fitzgerald TD

An Tánaiste agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

# Clár Ábhar

## Clár na nÁbhar


**Réamhrá ón Tánaiste........................................................................................2**
**Réamhrá - Príomhfhorbairtí le linn na bliana 2016.................................................4**
**1. Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide ...............................................................4**
**2. Athruithe eile ar an reachtaíocht Eorpach agus ar reachtaíocht na hÉireann5**
**3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sa bhliain 2016 ...............................6**
**4. Athbhreithniú Beartais ar Rialuithe Onnmhairí...............................................7**
**5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla.................................8**
**6. Diúltuithe ..........................................................................................................13**
**7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe.....................................................................15**
**Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE....................16**
**Iarscríbhinn II - Staitisticí 2016 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin ............31**
**Iarscríbhinn IV - Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide ..........................................40**
**Iarscríbhinn V – Comhaontuithe agus Socruithe Idirnáisiúnta...........................41**

**Réamhrá - Príomhfhorbairtí le linn na bliana 2016**

Ceanglaítear leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 go ndéanfaidh an tAire tuarascáil maidir le feidhmiú cúrsaí a thagann faoin Acht sa bhliain roimhe a ullmhú agus a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana.

Dírítear sa tuarascáil seo ar fhorbairtí agus ar athruithe i gcóras na hÉireann um rialú onnmhairí agus ar ghníomhaíocht ceadúnúcháin sa tír sa bhliain 2016, lena n-áirítear an fhaisnéis atá curtha i láthair in Iarscríbhinní I – IV. Tá faisnéis chúlra faoi chomhaontuithe agus faoi shocruithe idirnáisiúnta a bhaineann le córas na hÉireann um rialú onnmhairí agus lena riar leagtha amach in Iarscríbhinn V.

Tá tuarascálacha roimhe faoi fheidhmiú chóras na hÉireann um rialú onnmhairí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne.[1]

## 1. Nuashonrú ar an Rialachán Dé-Úsáide

Is é an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear onnmhairiú ítimí dé-úsáide as an Eoraip ná Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 (an "Rialachán Dé-Úsáide")[2]. Cuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide an liosta de na hítimí dé-úsáide atá faoi réir rialú agus a dteastaíonn údarú uathu lena n-onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach. Déantar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide a leasú ar bhonn rialta chun aird a thabhairt ar athruithe arna ndéanamh ag córais idirnáisiúnta rialú onnmhairí ar liostaí rialaithe. Cuirtear na hathruithe sin chun feidhme trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ag an gCoimisiún Eorpach.

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/1969 ón gCoimisiún[3] lena leasaítear an Rialachán Dé-Úsáide, tháinig sé i bhfeidhm an 12 Meán Fómhair 2016. Leis an Rialachán sin, cuireadh roinnt nithe leis na nótaí agus leis na sainmhínithe a úsáidtear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide. Ba leis an Rialachán freisin a scriosadh roinnt nithe as na nótaí agus as

[1] Féach <https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Annual-Report-Control-of-Exports.pdf>.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/1969 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú.

na sainmhínithe agus a rinneadh roinnt leasuithe orthu. Rinneadh amhlaidh chun liosta rialaithe AE a nuashonrú chun cinntí a rinneadh i gcórais um rialú onnmhairí sa bhliain 2015 a léiriú.

## 2. Athruithe eile ar an reachtaíocht Eorpach agus ar reachtaíocht na hÉireann

### Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal)

Le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009[4], bunaítear córas ceadúnúcháin le haghaidh táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú laistigh den Aontas Eorpach. Is é cuspóir na Treorach sin ná simpliú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistrithe den sórt sin laistigh den Chomhphobal d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Le hIonstraim Reachtúil ("I.R.") Uimh. 346 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) 2011, tugtar éifeacht don Treoir sin i ndlí na hÉireann.

Sainaithnítear i dTreoir 2009/43/CEE na táirgí a bhaineann le cosaint atá faoi réir rialú ("Liosta Comhchoiteann Míleata AE"). Déantar Liosta Comhchoiteann Míleata AE a leasú agus a nuashonrú gach bliain. Leasaíodh Treoir 2009/43/CEE le Treoir (AE) 2016/970 ón gCoimisiún[5] an 27 Bealtaine 2016 chun na leasuithe a rinneadh i Liosta Comhchoiteann Míleata AE 2015 a léiriú. Chuimsigh na leasuithe athruithe eagarthóireachta agus nuashonruithe ar na sainmhínithe ar ítimí áirithe agus ar na paraiméadair a bhaineann leo. Cuireadh Treoir (AE) 2016/970 ón gCoimisiún chun feidhme le I.R. Uimh. 473 de 2016 agus ba leis an ionstraim reachtúil sin a tugadh éifeacht don Treoir.

### Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

[4] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe na dtáirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal.
[5] Treoir (AE) 2016/970 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an liosta táirgí a bhaineann le cosaint.

Leathnaítear leis an Rialachán seo na bearta rialaithe atá i bhfeidhm cheana i ndáil le hallmhairiú agus le honnmhairiú earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chun go n-áireofar leo freisin bearta rialaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí bróicéireachta a sholáthar nó le cúnamh teicniúil a sholáthar i ndáil leis na hearraí sin.

## 3. Smachtbhannaí Trádála a tugadh isteach sa bhliain 2016

Is é is smachtbhannaí (dá ngairtear bearta sriantacha uaireanta) ann ná ionstraimí a úsáideann AE chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó gníomhaíochtaí tíortha eile. Mar shampla, dul i ngleic le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, nó dul i ngleic le beartais nach n-urramaíonn riail an dlí ná prionsabail dhaonlathacha. Baintear leas as smachtbhannaí, agus iad i measc na raidhse ionstraimí polaitiúla atá ar fáil, chun luachanna agus cuspóirí AE a chur chun cinn.

Thug an tAontas Eorpach roinnt smachtbhannaí nua isteach le linn na bliana 2016 mar fhreagairt d'ábhair imní idirnáisiúnta, mar shampla, ábhair imní faoi choimhlint réigiúnach agus faoi chearta an duine. Ba í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta[6] an t-údarás inniúil i ndáil leis na gnéithe trádála de smachtbhannaí AE a bhain, mar shampla, le trádáil leis an Iaráin, leis an tSiria agus le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Tá an Roinn Airgeadais agus an Banc Ceannais freagrach as smachtbhannaí airgeadais AE a chur chun feidhme. Bhí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais freagrach go comhpháirteach as Rialacháin a dhréachtú chun foráil a dhéanamh do phionóis sa dlí náisiúnta mar gheall ar sháruithe ar smachtbhannaí AE. Rinneadh dhá Rialachán nua is tríocha sa bhliain 2016. Tá sonraí faoi na Rialacháin sin leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

D'eisigh an Roinn 108 gceadúnas sa bhliain 2016 faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle[7], lena bhforchuirtear ceanglas ceadúnúcháin maidir le trealamh agus teicneolaíocht áirithe a bhaineann le fuinneamh a dhíol leis an Rúis, a sholáthar di nó a aistriú

---

[6] Ón 1 Meán Fómhair 2017, ar aon dul leis an Ordú Gnóthaí Oibreachais agus Dlí Oibreachais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017 (I.R. Uimh. 361 de 2017), is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil maidir le smachtbhannaí trádála a riar. Ba í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás inniúil roimh an dáta sin agus sa bhliain 2016 ar fad. Féach <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/361/made/en/pdf.>

[7] Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha mar gheall ar ghníomhartha na Rúise lenar díchobhsaíodh an staid san Úcráin.

nó a onnmhairiú chuici. Eisíodh formhór na gceadúnas i leith táirgí mianadóireachta lena n-úsáid i mianaigh mhianraí crua (mianaigh ghuail agus mianaigh mhianta miotail). Is liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle atá an trealamh agus an teicneolaíocht atá faoi réir rialú.

## 4. Athbhreithniú Beartais ar Rialuithe Onnmhairí

Mar atá leagtha amach i dtuarascálacha roimhe, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach le blianta beaga anuas ar chóras an Aontais Eorpaigh um rialú earraí dé-úsáide. Ba iad seo a leanas na torthaí a bhí ar an bpróiseas athbhreithnithe sin:

- Foilsíodh Páipéar Uaine maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide sa bhliain 2011.[8]
- Foilsíodh Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an mbeartas ar rialú onnmhairí sa bhliain 2014. [9]
- Cuireadh Fóram Tionscail ar siúl sa bhliain 2014 freisin.[10]
- Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí agus d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil ina leith sa bhliain 2015.[11]

An 28 Meán Fómhair 2016, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh an Rialachán Dé-Úsáide a athchóiriú.[12] Mhol an Coimisiún Eorpach cuid mhór leasuithe chun an Rialachán Dé-Úsáide reatha a nuashonrú agus a nuachóiriú. Dúirt Cecilia Malmström, an Coimisinéir Eorpach um Thrádáil:

> *"Táimid ag maireachtáil i ré shuaite. Croíchuspóirí de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an tsíocháin a chaomhnú agus cearta an duine a chosaint, agus tá ár mbeartas trádála ríthábhachtach maidir leis an aidhm sin a bhaint amach. Is é sin an fáth a bhfuil sraith rialacha nua-aimseartha á moladh againn chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as onnmhairí chun slándáil idirnáisiúnta a chur i mbaol ná chun an bonn a bhaint de chearta an duine."*[13]

Rinne an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa breithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach ansin. Is iadsan, ag gníomhú dóibh le chéile, a cheadóidh aon athchóiriú a dhéanfar ar an

---

[8] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148020.pdf>.
[9] Féach < http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/april/tradoc_152446.pdf>.
[10] Féach http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/october/tradoc_152858.pdf.
[11] Féach <http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2015/november/tradoc_154003.pdf>.
[12] Féach <http://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:1b8f930e-8648-11e6-b076-01aa75ed71a1.0013.02/DOC_1&format=pdf>.
[13] Preaseisiúint ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2016. Féach <http://europa.eu/rapid/press-release_IP-16-3190_en.htm>.

Rialachán Dé-Úsáide. Bhí na próisis athbhreithnithe sin fós ar siúl ag deireadh na bliana 2016. Ba ar leibhéal meithle a rinne an Chomhairle breithniú ar an togra ón gCoimisiún Eorpach, áit a ndearna an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ag an Meitheal um Earraí Dé-Úsáide.

## 5. Ceadúnais Onnmhairiúcháin agus Treochtaí Staitistiúla

### Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh 409 gceadúnas dé-úsáide aonair sa bhliain 2016, rud arbh ionann é agus laghdú 25% ar líon na gceadúnas a eisíodh sa bhliain 2015. Tháinig sé sin as an laghdú ar líon na n-iarratas a fuarthas, go háirithe i ndáil le hítimí Chatagóir 5 den Rialachán Dé-Úsáide (trealamh agus comhpháirteanna teileachumarsáide agus trealamh agus comhpháirteanna slándála faisnéise).

Bhí luachanna na n-onnmhairí ar cheadúnais aonair a eisíodh sa bhliain 2016 4% ní b'airde ná a luachanna sa bhliain 2015. Mhéadaigh siad ó €377.8 milliún go €394.6 milliún.[14] Bhí laghdú 36% ann ar luach ítimí Chatagóir 5 den Rialachán Dé-Úsáide (trealamh agus comhpháirteanna teileachumarsáide agus trealamh agus comhpháirteanna slándála faisnéise) ó €306 mhilliún go €195 mhilliún. Bhí méadú 163% ann ar luach ítimí Chatagóir 3 (leictreonaic) ó €64 mhilliún go €169 milliún.[15]

### Ceadúnais Dhomhanda Dé-Úsáide

Tugtar le ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide tuilleadh solúbthachta d'onnmhaireoirí ná mar a thugtar le ceadúnais onnmhairiúcháin aonair. Is féidir iad a úsáid chun onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta atá liostaithe ar an gceadúnas chuig na tíortha is cinn scríbe atá liostaithe ar an gceadúnas a chumhdach. Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide chuig cuideachtaí ag a mbíonn líon an-ard onnmhairí lena mbaineann riosca réasúnta íseal.

Eisítear ceadúnais dhomhanda onnmhairiúcháin dé-úsáide faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh is airm, is póilíní agus is fórsaí slándála Stáit. Ní mór do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda iarratas ar cheadúnas

[14] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.
[15] Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo chun liosta de na catagóirí rialú dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide a fháil.

dé-úsáide aonair a chur isteach sa chás go bhfuil sé ar intinn acu onnmhairiú chuig an gcatagóir úsáideoir deiridh sin.

Bhí dhá cheadúnas dhomhanda dé-úsáide is fiche in úsáid sa bhliain 2016. Bhí 23 cinn i bhfeidhm sa bhliain 2015. B’ionann agus €2.826 milliún luach na n-onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda dé-úsáide sa bhliain 2016, i gcomparáid le €1030.3 milliún sa bhliain 2015. B’ionann é agus méadú 174%.[16] Bhain an chuid is mó den mhéadú sin le díolacháin laistigh den chuideachta ag sealbhóir ceadúnais dhomhanda amháin.

**Ceadúnais Mhíleata**

Cuimsíonn rialuithe ceadúnúcháin d’ítimí míleata earraí míleata, teicneolaíocht mhíleata agus comhpháirteanna d’ítimí den sórt sin. Bhí comhpháirteanna, seachas earraí críochnaithe, i gceist leis na ceadúnais a eisíodh d’earraí míleata sa bhliain 2016. Chomh maith leis sin, eisíodh roinnt ceadúnas míleata chuig daoine aonair a raibh airm thine spóirt ina seilbh acu agus chuig cuideachtaí a bhí i mbun gníomhaíocht mhianadóireachta. Ina theannta sin, toisc gur réasúnta beag atá an grúpa onnmhaireoirí earraí míleata agus teicneolaíochta míleata in Éirinn, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baol ann go bhféadfadh athrú sna riachtanais cheadúnais atá ag onnmhaireoir amháin nó dhó tionchar suntasach a imirt ar na staitisticí.

Tháinig méadú 58% ar líon na gceadúnas míleata a eisíodh, ó 81 cheann sa bhliain 2015 go 128 gcinn sa bhliain 2016. Ba faoi 47% a mhéadaigh luach na n-onnmhairí ar cheadúnais a eisíodh, ó €43m sa bhliain 2015 go €63m sa bhliain 2016.

**Ceadúnais Bhróicéireachta**

Éilítear ceadúnas bróicéireachta i gcás ina bhfuil duine nó eintiteas ag idirbheartú nó ag eagrú idirbheart lena mbaineann aistriú na n-ítimí atá liostaithe ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, nó i gcás duine nó eintitis a cheannaíonn nó a dhíolann aistriú na n-ítimí atá liostaithe ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, nó a eagraíonn a n-aistriú, agus atá faoina n-úinéireacht,

- ó thír nach bhfuil in AE go tír nach bhfuil in AE.
- ó Éirinn go tír nach bhfuil in AE.
- ó Bhallstát eile AE go tír nach bhfuil in AE.

[16] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Ní bhfuarthas aon iarratais ar cheadúnais le haghaidh bróicéireacht ítimí míleata le linn na bliana 2016.

Éilítear ceadúnas le haghaidh bróicéireacht a dhéanamh ar ítimí dé-úsáide ó thríú tír amháin go tríú tír eile in imthosca áirithe, mar shampla i gcás ina n-úsáidfear na hearraí i dtaca le hairm cheimiceacha, bhitheolaíocha nó núicléacha. Ní bhfuarthas aon iarratais ar cheadúnais le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide le linn na bliana 2016.

**Comhiomlánú Sonraí agus Íogaireachtaí Tráchtála**

Sa tuarascáil seo, féachtar leis an oiread trédhearcachta agus is féidir a chur ar fáil ar luach na gceadúnas, ar líon na gceadúnas, ar chinn scríbe agus ar chatagóirí táirge i ndáil le táirgí dé-úsáide agus míleata faoi réir an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008.

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achoimre ar líon agus ar luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn na mblianta 2015 agus 2016. Tá faisnéis staitistiúil níos mionsonraithe leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**Sonraí Achoimre**

| **Cineál Ceadúnais** | **Líon na gCeadúnas de réir Bliana** | | **Luach Ceadúnaithe de réir Bliana €000** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| Ceadúnas Dé-Úsáide Aonair | 409 | 546 | 394,631 | 377,811 |
| Ceadúnas Domhanda Dé-Úsáide | 22 | 23 | 2,825,575 | 1,030,299 |
| Ceadúnas Míleata | 128 | 81 | 62,779 | 42,626 |
| Ceadúnas Domhanda Aistrithe Mhíleata[17] | * | 0 | 1,673 | 0 |
| **IOMLÁN** | **560** | **650** | **3,284,658** | **1,450,736** |

**Luach an Cheadúnais**

I gcás ceadúnais dé-úsáide aonair agus ceadúnais mhíleata, ní gá go léiríonn luach an cheadúnais luach iarbhír na n-earraí arna n-onnmhairiú faoin gceadúnas sin. Ar mhaithe le

[17] Eisítear Ceadúnas Domhanda Aistrithe Mhíleata de bhun Airteagal 6 de Threoir 2009/43/CE lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe na dtáirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal. Eisítear ceadúnas chuig soláthraí aonair a údaraíonn aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint chuig faighteoirí i mBallstát AE amháin nó níos mó.

* Cuireadh eisiúint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi chois mar gheall ar líon íseal na gceadúnas a bhí i gceist.

héifeachtúlacht agus le freagairt go gasta do riachtanais shlabhra an tsoláthair, is féidir go ndéanfaidh cuideachtaí áirithe luach an ghnó athuaire lena bhfuiltear ag súil a chur ar áireamh san iarratas bunaidh. Tá baol ann nach dtiocfaidh an gnó athuaire sin chun cinn. Dá réir sin, tá seans ann gur ísle luach na n-onnmhairí iarbhír ná an t-aghaidhluach a cheadaítear faoin gceadúnas onnmhairiúcháin lena mbaineann.

Baineann luach na gceadúnas a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo i leith ceadúnais dhomhanda dé-úsáide leis na honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh.

D'fhonn faisnéis níos cruinne faoi ghníomhaíocht ceadúnúcháin a chur ar fáil, cuireadh riachtanais athbhreithnithe tuairiscithe ar cheadúnais dhomhanda i bhfeidhm ón mbliain 2013 ar aghaidh. Baineann luach na gceadúnas a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo i leith ceadúnais dhomhanda dé-úsáide leis na honnmhairí iarbhír a tuairiscíodh i leith gach ceadúnais dhomhanda a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2015. Léiríodh i dtuarascálacha roimh an mbliain 2013 an luach measta[18] a cuireadh ar fáil ar iarratais ar cheadúnais dhomhanda in ionad luach iarbhír na n-onnmhairí a léiriú. Tugtar faisnéis níos ábhartha i luach iarbhír na n-onnmhairí, rud a mheastar a bheith níos úsáidí chun críche comparáid a dhéanamh.

[18] Rinne onnmhaireoirí meastachán ar na luachanna ar na ceadúnais dhomhanda tráth an iarratais. Thagadh difríochtaí chun cinn i gcónaí, mar shampla, mar gheall ar aistriú sealadach innealra laistigh de ghrúpaí. Ina theannta sin, bíonn cuideachtaí faoi réir athruithe rialta ar liostaí na dtáirgí rialaithe. Mar thoradh ar athbhreithnithe ar liostaí na dtáirgí rialaithe, is féidir go mbainfear táirgí den liosta agus nach gceanglófar ar chuideachtaí a raibh ceadúnais onnmhairiúcháin ag teastáil uathu roimhe sin dul i mbun an chórais cheadúnúcháin. Is féidir freisin go mbeidh laghdú ann ar líon na dtáirgí atá faoi réir rialú.

## 6. Diúltuithe

Is é is aidhm don phróiseas ceadúnúcháin onnmhairúcháin a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh a shonraítear an ítim le haghaidh na húsáide deiridh atá sonraithe, agus nach n-úsáidfear í le haghaidh cuspóir neamhcheadaithe, e.g. lena húsáid i dtaobh airm ollscriosta. Éascaíonn na cosaintí a chuirtear san áireamh sa chóras ceadúnúcháin seiceálacha agus cros-seiceálacha láidre ina leith sin.

Féadfaidh an Roinn ceadúnas onnmhairiúcháin a dhiúltú, tar éis di dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le húdaráis cheadúnúcháin onnmhairiúcháin eile idirnáisiúnta agus de chuid AE de réir mar is cuí, agus tar éis di aird a thabhairt ar na ceisteanna a leagtar amach thíos.

Sa bhliain 2016, diúltaíodh do dhá iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin. Rinneadh na diúltuithe sin mar gheall ar chúinsí a bhain leis an úsáid deiridh a bhí ceaptha agus leis an riosca atreoraithe.

**Ceisteanna a Chuirtear san Áireamh agus Cinneadh á Dhéanamh ar Cheadúnas a Dheonú/a Dhiúltú**

Na critéir a chuirtear san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar ceadúnas dé-úsáide aonair nó ceadúnas domhanda dé-úsáide, leagtar amach iad in Airteagal 12 den Rialachán Dé-Úsáide. Foráiltear le hAirteagal 12 go dtabharfaidh Ballstáit aird ar gach ceist ábhartha, lena n-áirítear:

a) Na dualgais agus na ceangaltais ar ghlac siad leo mar bhaill de na córais neamhiomadúcháin agus de na comhshocraíochtaí rialúcháin onnmhairí idirnáisiúnta ábhartha, nó trí dhaingniú na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha.
b) A gcuid dualgas faoi smachtbhannaí arna bhforchur ag comhsheasamh nó ag comhghníomh a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (ENASCE) nó trí rún ceangailteach Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

c) Ceisteanna a bhaineann le beartas náisiúnta i leith cúrsaí eachtracha agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh Uimh. 2008/944/CFSP ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha a rialaíonn rialúchán onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.
d) Ceisteanna a bhaineann leis an úsáid deiridh atá ceaptha agus leis an mbaol atreoraithe.

Sa Chomhsheasamh dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, leagtar amach na gnáthchritéir ar chóir iarratais ar onnmhairí earraí míleata a mheas ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas na critéir sin:

Critéar a hAon: Meas ar dhualgais agus ar cheangaltais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe na smachtbhannaí a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ar ábhair eile, agus dualgais idirnáisiúnta eile freisin.

Critéar a Dó: Meas ar chearta an duine sa tír is ceann scríbe deiridh agus meas a bheith ag an tír sin ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Critéar a Trí: Staid inmheánach sa tír is ceann scríbe deiridh, mar fheidhm go bhfuil teannas nó coimhlintí airm ann.

Critéar a Ceathair: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil freagracht ar Bhallstát as a gcaidreamh seachtrach, chomh maith le slándáil náisiúnta tíortha atá cairdiúil agus comhghuaillithe leo.

Critéar a Sé: Iompar na tíre is ceannaitheoir maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, i ndáil lena dearcadh i leith sceimhlitheoireachta, le cineál a comhghuaillíochtaí agus leis an meas atá aici ar an dlí idirnáisiúnta go háirithe.

Critéar a Seacht: Riosca a bheith ann go ndéanfar an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír is ceannaitheoir nó a athonnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe.

Critéar a hOcht: Comhoiriúnacht na n-onnmhairí teicneolaíochta míleata nó trealaimh mhíleata le cumas teicniúil agus eacnamaíoch na tíre is faighteoir, agus aird á tabhairt ar an mian gur chóir do stáit a riachtanais dhlisteanacha slándála agus chosanta a chomhlíonadh leis an atreorú acmhainní daonna agus eacnamaíocha is ísle is féidir le haghaidh armálacha.

## 7. Forfheidhmiú agus Imscrúduithe

Mar a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo, déanann an Roinn faireachán ar onnmhairiú ítimí rialaithe i ndlúthchomhar le Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar chuid den chomhar sin, tarchuireann Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí chuig an Roinn faoi onnmhairí beartaithe áirithe chuig tíortha atá faoi réir smachtbhannaí trádála sula dtugtar cead lena dtabhairt ar aghaidh. Sa bhliain 2016, tharchuir Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim 136 onnmhaire bheartaithe chuig an Roinn le haghaidh athbhreithniú.

**Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann i leith Smachtbhannaí AE**

**<u>An Afganastáin</u>**

1. **I.R. Uimh. 318/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hAfganastáine), 2016**

2. **I.R. Uimh. 584/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hAfganastáine) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hAfganastáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Afganastáin.

**<u>An Bhealarúis</u>**

1. **I.R. Uimh. 319/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Bealarúise), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc
    - ar earraí a dhíol/a onnmhairiú a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach.
    - ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le hearraí a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach.

Foráiltear leis an Rialachán seo go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an mBealarúis.

**An Bhurúin**

1. **I.R. Uimh. 75/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Burúine), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d’fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2015/1755 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith na Burúine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

**<u>Poblacht na hAfraice Láir</u>**

1. **I.R. Uimh. 474/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata nó le pearsanra amhais faoi arm.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht na hAfraice Láir.

**<u>Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré</u>**

1. **I.R. Uimh. 79/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2016**

2. **I.R. Uimh. 540/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.
- Toirmisc ar na srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hearraí dé-úsáide agus le hearraí a d'fhéadfadh cur le clár núicléach nó clár arm Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- Toirmisc ar shó-earraí a onnmhairiú.
- Srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú i dtaca le hór, le miotail lómhara agus le diamaint agus le bróicéireacht, le cúnamh teicniúil agus le cúnamh airgeadais a chur ar fáil i dtaca leis na hítimí sin.
- Srianta ar onnmhairiú i dtaca le nótaí bainc agus boinn Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré;
- Srianta iompair.
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochtaí.
- Toirmisc earnála a bhaineann le hór agus le mianta agus mianraí áirithe a sholáthar.
- Toirmisc ar bhreosla eitlíochta a dhíol nó a sholáthar.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

**<u>Poblacht Dhaonlathach an Chongó</u>**

1. **I.R. Uimh. 74/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó), 2016**

2. **I.R. Uimh. 539/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

**<u>An Iaráin</u>**

1. **I.R. Uimh. 478/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar theicneolaíocht diúracán a chur ar fáil.

- Córais údaraithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
    - Earraí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le gníomhaíochtaí cumhachta núicléiche ar leith.
    - Bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta a chur ar fáil atá ceaptha lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí núicléacha agus míleata.
    - Miotail áirithe a sholáthar.

- **I.R. Uimh. 477/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d’fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc
    - ar earraí a dhíol/a onnmhairiú a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach agus trealamh liostaithe eile.
    - ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach nó trealamh liostaithe eile.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráin.

**<u>An Iaráic</u>**

1. **I.R. Uimh. 500/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice), 2016**

2. **I.R. Uimh. 544/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráice) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hIaráice. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe agus srianta ar thrádáil in earraí cultúrtha.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráic.

**<u>An Libéir</u>**

1. **I.R. Uimh. 77/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libéire), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 234/2004 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Libéire. Aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 234/2004 ón gComhairle ina dhiaidh sin sa bhliain 2016.

**<u>An Libia</u>**

1. **I.R. Uimh. 320/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia), 2016**

2. **I.R. Uimh. 342/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 2), 2016**

3. **I.R. Uimh. 493/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 3), 2016**

4. **I.R. Uimh. 545/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 4), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2016/44 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Libia. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc
    - ar earraí a dhíol/a onnmhairiú agus a allmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach.
    - ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata, le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach nó pearsanra amhais faoi arm a chur ar fáil.
    - ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le soithí áirithe chun onnmhairiú neamhdhleathach amhola ón Libia a chosc.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Libia.

**<u>Poblacht na Guine</u>**

1. **I.R. Uimh. 73/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na Guine), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht na Guine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

**<u>Poblacht Ghuine-Bissau</u>**

1. **I.R. Uimh. 72/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bissau. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

**<u>An tSomáil</u>**

1. **I.R. Uimh. 321/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Somáile), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 147/2003 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Somáile. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar fhioghual a allmhairiú.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSomáil.

**An tSúdáin**

1. **I.R. Uimh. 71/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Súdáine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSúdáin.

**An tSiria**

1. **I.R. Uimh. 476/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria), 2016**

Foráiltear leis an Rialachán seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siria. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Raon leathan srianta airgeadais agus trádála, lena n-áirítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta
    - ar ítimí dé-úsáide a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach,
    - ar threalamh áirithe a onnmhairiú le haghaidh úsáid sna hearnálacha ola agus gáis agus só-ítimí áirithe.
    - ar sheirbhísí áirithe airgeadais agus ar infheistíocht i dtionscadail bhonneagair áirithe.
    - ar thrádáil in ítimí cultúrtha; agus srianta allmhairiúcháin ar amhola, ar tháirgí peitriliam, ar dhiamaint agus ar mhiotail lómhara.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoin Rialachán seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiria.

## An Túinéis

1. **I.R. Uimh. 76/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Túinéise), 2016**

2. **I.R. Uimh. 541/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Túinéise) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Túinéise. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

**<u>Cónaidhm na Rúise</u>**

1. **I.R. Uimh. 322/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine), 2016**

2. **I.R. Uimh. 542/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 2), 2016**

3. **I.R. Uimh. 618/2015 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 3), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na hÚcráine. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Raon srianta airgeadais.
- Srianta
    - ar ítimí míleata agus ar ítimí dé-úsáide a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.
    - ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil maidir le hítimí míleata agus le hítimí dé-úsáide.

    - ar earraí agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le bonneagar in earnálacha áirithe sa Chrimé.
- Srianta ar ítimí áirithe agus ar theicneolaíocht áirithe a bhaineann leis an earnáil fuinnimh a chur ar fáil do Chónaidhm na Rúise.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Cónaidhm na Rúise.

**<u>Éimin</u>**

1. **I.R. Uimh. 323/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Éimin), 2016**

2. **I.R. Uimh. 617/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Éimin) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d’fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith Éimin. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil i dtaca le hearraí míleata agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le hÉimin.

**<u>An tSiombáib</u>**

1. **I.R. Uimh. 78/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siombáibe), 2016**

2. **I.R. Uimh. 475/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siombáibe) (Uimh. 2), 2016**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i leith na Siombáibe. Áirítear na nithe seo le tionchar na mbeart sin:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair áirithe agus eintiteas áirithe atá liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Toirmisc ar earraí a dhíol/a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cur faoi chois inmheánach agus ar sheirbhísí a chur ar fáil a bhaineann leis an trealamh sin.

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun críche lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Ina theannta sin, is cionta faoi na Rialacháin seo iad an Rialachán ón gComhairle a shárú nó mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáir maidir le cur chun feidhme na smachtbhannaí agus foráiltear do phionóis chuí freisin leo.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an tSiombáib.

**Iarscríbhinn II - Staitisticí 2016 maidir le Ceadúnais Onnmhairiúcháin**

**Tábla Forbhreathnaithe**

| | **2016** | | **2015** | | **2014** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Cineál Ceadúnais*** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** |
| **Ceadúnas Dé-Úsáide Aonair** | 409 | 394,631 | 546 | 377,811 | 680 | 446,084 |
| **Ceadúnas Domhanda Dé-Úsáide** | 22 | 2,825,575 | 23 | 1,030,299 | 18 | 638,013 |
| **Ceadúnas Míleata** | 128 | 62,779 | 81 | 42,626 | 95 | 86,218 |
| **Ceadúnas Domhanda Aistrithe Mhíleata** | * | 1,673 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **560** | **3,284,658** | **650** | **1,450,736** | **793** | **1,170,315** |

**Tábla ar Cheadúnais Dhomhanda Dé-Úsáide de réir Catagóire**

| | **2016** | | **2015** | | **2014** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir**[19] | **Uimh.** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** |
| **2** | 13 | 25,316 | 24 | 1,026 | 32 | 7,927 |
| **3** | 52 | 169,264 | 57 | 64,347 | 56 | 89,253 |
| **5** | 308 | 194,854 | 430 | 306,227 | 524 | 340,662 |

[19] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo chun liosta de na catagóirí rialú dé-úsáide sa Rialachán Dé-Úsáide a fháil.

* Cuireadh eisiúint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi chois mar gheall ar líon íseal na gceadúnas a bhí i gceist.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uileghabhálach** | 0 | 0 | * | 4 | 30 | 1,736 |
| **1, 4, 6, 7 & 8** | 36 | 5,197 | 34 | 6,207 | 38 | 6,506 |
| **Iomláin** | **409** | **394,631** | **546** | **377,811** | **680** | **446,084** |

**Tábla ar Cheadúnais Dhomhanda de réir Catagóire**

| | **2016** | | **2015** | | **2014** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir**[20] | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** | **Líon** | **Luach Ceadúnais €000** |
| **1** | 2 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| **2** | 2 | 5 | 2 | 24 | 1 | 45 |
| **3** | 5 | 107 | 5 | 196 | 2 | 1,436 |
| **4** | 2 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| **5** | 22 | 2,825,463 | 22 | 1,030,079 | 17 | 636,469 |
| **6** | 2 | 0 | 2 | 0 | 1 | 63 |
| **Iomláin**[21] | **22** | **2,825,575** | **23** | **1,030,299** | **18** | **638,013** |

Léirítear sa tábla thuas líon iomlán na gceadúnas domhanda a bhí i bhfeidhm sna blianta 2014, 2015 agus 2016. Cé go dtaispeántar líon iomlán na gceadúnas a bhí i bhfeidhm sna blianta a thuairiscítear i líon iomlán na gceadúnas a léirítear sa tábla, tugadh cead le líon beag de na ceadúnais dhomhanda sin do níos mó ná catagóir ítimí amháin a onnmhairiú. Tugtar miondealú sa tábla ar na catagóirí go léir a bhí ceadaithe le haghaidh onnmhairiú faoi na ceadúnais dhomhanda agus ar an líon onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi gach catagóir ceadúnais.

[20] Comhfhreagraíonn na catagóirí do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú. Féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo chun liosta de na catagóirí ítimí dé-úsáide a fháil.

[21] Níl an figiúr iomlán le haghaidh ceadúnais dhomhanda ar áireamh i suim na bhfigiúirí le haghaidh gach catagóire. Is amhlaidh sin mar go bhféadfadh go gclúdófaí níos mó ná catagóir amháin le ceadúnas domhanda agus go dtaifeadfar an ceadúnas sin i ngach catagóir lena mbaineann. Mar shampla, is le líon na gceadúnas domhanda i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4 a áireofar ceadúnas domhanda lena gclúdaítear táirgí i gcatagóir 3 agus i gcatagóir 4.

Léirítear sa tábla thuas luach iarbhír na n-onnmhairí a rinneadh faoi cheadúnais dhomhanda sna blianta 2014, 2015 agus 2016. Ní féidir na figiúirí sin a chur i gcomparáid le luachanna a cuireadh ar fáil i dtuarascálacha roimhe seo, luachanna a léirigh, roimh an mbliain 2014, na luachanna measta a cuireadh ar fáil ar iarratais ar cheadúnais dhomhanda[22] in ionad luach iarbhír na n-onnmhairí a léiriú. Tugtar faisnéis níos ábhartha i luach iarbhír na n-onnmhairí, rud a mheastar a bheith níos úsáidí chun críche comparáid a dhéanamh.

**Onnmhairí Dé-Úsáide de réir Catagóire, Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe 2016 (arna ndéanamh faoi cheadúnais aonair)**

| Catagóir | Ceann scríbe | An Líon a Eisíodh | Luach <100,000 | Luach 100,000-500,000 | Luach > 500,000 |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Bhrasaíl | 1 | 1 | | |
| | An tSín | 2 | 1 | 1 | |
| | An Cholóim | 1 | | 1 | |
| | An India | 1 | 1 | | |
| | An Indinéis | 4 | 2 | | 2 |
| | An Chéinia | 1 | | | 1 |
| | Macao | 1 | 1 | | |
| | Mailí | 1 | | | 1 |
| | An Téaváin | 1 | 1 | | |
| | An Téalainn | 2 | 1 | 1 | |
| | An Úisbéiceastáin | 1 | 1 | | |
| 2 | | | | | |
| | Bairéin | 1 | 1 | | |
| | An tSín | 1 | 1 | | |
| | Iosrael | 1 | 1 | | |
| | An Phacastáin | 1 | 1 | | |
| | An Araib Shádach | 7 | | 1 | 6 |
| | An Téalainn | 1 | 1 | | |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 | 1 | | |
| 3 | | | | | |
| | An tSín | 18 | 7 | 7 | 4 |
| | An India | 5 | 1 | 1 | 3 |
| | Iosrael | 4 | 1 | 3 | |

[22] Rinne onnmhaireoirí meastachán ar na luachanna ar na ceadúnais dhomhanda tráth an iarratais. Thagadh difríochtaí chun cinn i gcónaí, mar shampla, mar gheall ar aistriú sealadach innealra laistigh de ghrúpaí. Ina theannta sin, bíonn cuideachtaí faoi réir athruithe rialta ar liostaí na dtáirgí rialaithe. Mar thoradh ar athbhreithnithe ar liostaí na dtáirgí rialaithe, is féidir nach mbeidh táirgí faoi réir rialú a thuilleadh agus go mbeidh laghdú ann ar líon na dtáirgí atá faoi réir rialú atá ag cuideachtaí a raibh ceadúnais onnmhairiúcháin ag teastáil uathu roimhe sin. Is féidir freisin nach mbeidh orthu dul i muinín an chórais cheadúnúcháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Macao | 1 | | 1 | |
| | An Mhalaeisia | 3 | 1 | 1 | 1 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 3 | | | 3 |
| | An Rúis | 2 | 2 | | |
| | Singeapór | 3 | | 2 | 1 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 7 | 3 | 1 | 3 |
| | An Téaváin | 4 | | | 4 |
| | An Tuirc | 2 | 2 | | |
| 4 | | | | | |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 | 1 | | |
| 5 | | | | | |
| | An Afganastáin | 1 | | | 1 |
| | An Ailgéir | 3 | 2 | 1 | |
| | An Airméin | 1 | | | 1 |
| | An Asarbaiseáin | 1 | | 1 | |
| | Bairéin | 3 | 1 | | 2 |
| | An Bhealarúis | 4 | | 1 | 3 |
| | An Bholaiv | 2 | | | 2 |
| | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 | | | 1 |
| | An Bhrasaíl | 4 | 2 | | 2 |
| | Brúiné Darasalám | 1 | | | 1 |
| | An Bhurúin | 1 | | | 1 |
| | An tSín | 54 | 6 | 6 | 42 |
| | Cósta Ríce | 1 | | | 1 |
| | Eacuadór | 2 | | | 2 |
| | An Éigipt | 5 | 3 | 1 | 1 |
| | An tSalvadóir | 1 | | | 1 |
| | An Eiritré | 1 | | 1 | |
| | An Aetóip | 2 | 2 | | |
| | Polainéis na Fraince | 4 | 4 | | |
| | An tSeoirsia | 2 | 2 | | |
| | Gána | 1 | 1 | | |
| | Hong Cong | 10 | 9 | 1 | |
| | An Íoslainn | 1 | 1 | | |
| | An India | 26 | 8 | 4 | 14 |
| | Iosrael | 13 | 8 | 1 | 4 |
| | An Iordáin | 2 | 2 | | |
| | An Chasacstáin | 2 | 1 | | 1 |
| | An Chéinia | 4 | 3 | 1 | |
| | Cuáit | 3 | 2 | | 1 |
| | An Liobáin | 6 | 3 | | 3 |
| | An Mhalaeisia | 3 | 2 | | 1 |
| | Meicsiceo | 1 | | 1 | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Maracó | 10 | 7 | | 3 |
| | Óman | 7 | 5 | | 2 |
| | An Phacastáin | 1 | | | 1 |
| | Na Críocha Palaistíneacha | 1 | 1 | | |
| | Paragua | 1 | | | 1 |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 | | 1 | |
| | Catar | 11 | 5 | 1 | 5 |
| | An Rúis | 6 | 4 | 2 | |
| | An Araib Shádach | 18 | 10 | 3 | 5 |
| | Singeapór | 8 | 8 | | |
| | An Afraic Theas | 8 | 7 | | 1 |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 5 | 3 | 1 | 1 |
| | Srí Lanca | 1 | | | 1 |
| | An Téaváin | 7 | 3 | | 4 |
| | An Téalainn | 2 | | 2 | |
| | An Tuirc | 14 | 3 | 3 | 8 |
| | An Úcráin | 2 | 2 | | |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 35 | 17 | 9 | 9 |
| | Uragua | 1 | | | 1 |
| | Vanuatú | 1 | 1 | | |
| | Vítneam | 1 | | | 1 |
| | An tSiombáib | 1 | 1 | | |
| 6 | | | | | |
| | An tSín | 1 | 1 | | |
| | An India | 1 | 1 | | |
| | An Mhalaeisia | 1 | | 1 | |
| | Mailí | 1 | | 1 | |
| | Na hOileáin Fhilipíneacha | 2 | 1 | 1 | |
| | Singeapór | 1 | 1 | | |
| 7 | | | | | |
| | An India | 1 | | 1 | |
| | Iosrael | 3 | 1 | 2 | |
| | Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 6 | 6 | | |
| | An Tuirc | 1 | 1 | | |
| 8 | | | | | |
| | An tSín | 1 | 1 | | |
| | | | | | |
| | Iomlán | 409 | 187 | 65 | 157 |

**Onnmhairí Míleata de réir Catagóire[23], Ceann Scríbe, Líon Ceadúnas agus Luach Ceadúnaithe[24] 2016**

| Cód | Ceann Scríbe | Líon na gCeadúnas a Eisíodh 2016 | Luach na gCeadúnas 2016 € |
|---|---|---|---|
| ML1 | An Astráil | 4 | 204,324 |
| | Ceanada | 5 | 13,042 |
| | An Indinéis | 1 | 1,200 |
| | An Nua-Shéalainn | 6 | 329,750 |
| | Óman | 1 | 2,671 |
| | An Afraic Theas | 1 | 8,550 |
| | An Téalainn | 1 | 1,519 |
| | An Tuirc | 1 | 64,875 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 7 | 72,156 |
| | An Ríocht Aontaithe | 5 | 19,921 |
| | | | |
| ML3 | Mailí | 1 | 4,383 |
| | | | |
| ML4 | An Fhrainc | 1 | 3,600 |
| | Mailí | 1 | 4,685 |
| | An Rúis | 1 | 3,657 |
| | An Ríocht Aontaithe | 9 | 490,300 |
| | | | |
| ML5 | An Astráil | 10 | 1,094,681 |
| | Ceanada | 13 | 1,134,047 |
| | An Ghearmáin | 6 | 8,704,112 |
| | An Iorua | 1 | 722,332 |
| | An Chóiré Theas | 4 | 122,432 |
| | An tSualainn | 3 | 680,947 |
| | An Tuirc | 1 | 1,814,597 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 16 | 7,959,077 |
| | | | |
| ML6 | Ceanada | 1 | 23,600 |
| | Singeapór | 2 | 7,738,250 |
| | An Eilvéis | 1 | 48,000 |
| | | | |
| ML10 | An Ríocht Aontaithe | 1 | 400,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 8 | 29,463,991 |
| | | | |
| ML11 | Na Séiséil | 1 | 11,625 |
| | An Ríocht Aontaithe | 1 | 2,793 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 2 | 52,277 |
| | | | |

[23] Tá Catagóirí an Liosta Mhíleata ar fáil in Aguisín III.
[24] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, agus ní léiríonn siad luach iarbhír na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh faoin gceadúnas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ML13 | An Ríocht Aontaithe | 2 | 13,763 |
| | | | |
| ML15 | Mailí | 1 | 36,000 |
| | An Ríocht Aontaithe | 1 | 981,234 |
| | | | |
| ML21 | An Astráil | 1 | 100,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 2 | 200,000 |
| | | | |
| ML22 | An Astráil | 1 | 50,000 |
| | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 4 | 201,000 |
| | | | |
| | IOMLÁN | 128 | 62,779,390 |

**Ceadúnais Chomhiomlánaithe Mhíleata de réir Ceann Scríbe 2016**

| **Ceann Scríbe** | **Líon na gCeadúnas** | **Luach Ceadúnais[25] €** |
|---|---|---|
| | | |
| An Astráil | 16 | 1,449,005 |
| Ceanada | 19 | 1,170,689 |
| An Fhrainc | 1 | 3,600 |
| An Ghearmáin | 6 | 8,704,112 |
| An Indinéis | 1 | 1,200 |
| Mailí | 3 | 45,068 |
| An Nua-Shéalainn | 6 | 329,750 |
| An Iorua | 1 | 722,332 |
| Óman | 1 | 2,671 |
| An Rúis | 1 | 3,657 |
| Na Séiséil | 1 | 11,625 |
| Singeapór | 2 | 7,738,250 |
| An Afraic Theas | 1 | 8,550 |
| Poblacht na Cóiré/An Chóiré Theas | 4 | 122,432 |
| An Eilvéis | 1 | 48,000 |
| An tSualainn | 3 | 680,947 |
| An Téalainn | 1 | 1,519 |
| An Tuirc | 2 | 1,879,472 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann san áireamh) | 19 | 1,908,011 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 39 | 37,948,501 |
| **Iomlán** | 128 | 62,779,390 |

**Úsáid Deiridh**

Chun trédhearcacht iomlán a chur ar fáil faoi cheann scríbe na dtáirgí rialaithe atá á n-onnmhairiú ó Éirinn, tugtar sonraí sa tábla seo a leanas faoi tháirgí rialaithe a athonnmhairíodh ina dhiaidh sin ó cheann scríbe tosaigh na n-onnmhairí ceadúnaithe.

| **Catagóir[26]** | **Ceann scríbe na húsáide deiridh** | **Líon na dteagmhas** | **Luach ceadúnaithe iomlán €[27]** |
|---|---|---|---|
| ML5 | An Araib Shádach | 6 | 742,429 |
| ML5 | An Nua-Shéalainn | 2 | 227,659 |
| ML5 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 | 202,000 |
| ML5 | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 2 | 16,265 |

[25] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, ach ní léiríonn siad luach na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh iarbhír faoin gceadúnas.
[26] Tá Catagóirí an Liosta Mhíleata ar fáil in Aguisín III.
[27] Léiríonn na staitisticí sa tábla seo an luach a liostaítear ar an gceadúnas onnmhairiúcháin, ach ní léiríonn siad luach na n-earraí/na teicneolaíochta a onnmhairíodh iarbhír faoin gceadúnas.

## Iarscríbhinn III - Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata ("ML")

| | |
|---|---|
| **ML1** | Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm, airm agus airm uathoibríocha eile ag a bhfuil calabra 12.7 mm (calabra 0.50 orlach) nó níos lú ná sin agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML2** | Airm bhairille réidh ag a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó ná sin, airm agus armáil eile ag a bhfuil calabra níos mó ná 12.7 mm (calabra 0.50 orlach), teilgeoirí agus oiriúintí, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML3** | Armlón agus feistí socrú aidhnín, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML4** | Buamaí, toirpéid, diúracáin, feistí pléascacha eile agus lánáin agus trealamh gaolmhar agus oiriúintí gaolmhara, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML5** | Rialú dóiteáin, agus trealamh gaolmhar foláirimh agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailíniúcháin agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML6** | Feithiclí talún agus comhpháirteanna. |
| **ML7** | Oibreáin thocsaineacha cheimiceacha nó bhitheolaíocha, "oibreáin chun círéibeacha a smachtú", ábhair radaighníomhacha, trealamh, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara. |
| **ML8** | "Ábhair fhuinniúla" agus substaintí lena mbaineann. |
| **ML9** | Soithí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, oiriúintí, comhpháirteanna agus soithí eile dromchla. |
| **ML10** | "Aerárthach", "feithiclí níos éadroime ná aer", aerfheithiclí gan foireann, aerinnill agus trealamh "aerárthaigh", trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara, a dearadh go speisialta nó a athraíodh le haghaidh úsáid mhíleata. |
| **ML11** | Trealamh leictreonach, nár sonraíodh in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML12** | Córais ardluais arm fuinnimh chinéitigh agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML13** | Trealamh, déantúis agus comhpháirteanna armúrtha nó cosanta. |
| **ML14** | 'Trealamh sainfheidhmeach le haghaidh oiliúint mhíleata' nó le haghaidh cásanna míleata a ionsamhlú, ionsamhlóirí a dearadh go speisialta i leith oiliúna san úsáid aon airm thine nó airm a sonraíodh le ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML15** | Trealamh íomháithe agus frithbhirt, a dearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML16** | Gaibhnithe, múnluithe agus táirgí neamhchríochnaithe eile a dearadh go speisialta i leith ítimí a sonraíodh le ML1 go ML4, le ML6, le ML9, le ML10, le ML12 nó le ML19. |
| **ML17** | Trealamh, ábhair agus 'leabharlanna' ilghnéitheacha, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML18** | Trealamh agus comhpháirteanna táirgthe. |
| **ML19** | Córais arm fuinnimh dhírithe (AFD), trealamh gaolmhar frithbhirt agus múnlaí gaolmhara tástála, agus comhpháirteanna a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML20** | Trealamh crióigineach agus "forsheoltach", agus comhpháirteanna agus oiriúintí a dearadh go speisialta ina leith. |
| **ML21** | "Bogearraí." |
| **ML22** | "Teicneolaíocht." |

**Iarscríbhinn IV - Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide**

Comhfhreagraíonn na catagóirí Dé-Úsáide a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo do na catagóirí sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide, arna leasú:

| | |
|---|---|
| **Catagóir 0:** | Ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach |
| **Catagóir 1:** | Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar |
| **Catagóir 2:** | Próiseáil ar Ábhair |
| **Catagóir 3:** | Leictreonaic |
| **Catagóir 4:** | Ríomhairí |
| **Catagóir 5:** | Teileachumarsáid agus an tslándáil faisnéise |
| **Catagóir 6:** | Braiteoirí agus léasair |
| **Catagóir 7:** | Loingseoireacht agus eitleonaic |
| **Catagóir 8:** | Cúrsaí Muirí |
| **Catagóir 9:** | Aerspás agus Tiomáint |

## Iarscríbhinn V – Comhaontuithe agus Socruithe Idirnáisiúnta

### Réamhrá

Tá Éire ina ball de na córais idirnáisiúnta rialúcháin onnmhairí seo a leanas atá mar bhonn faoi rialuithe onnmhairí na hEorpa agus na hÉireann:

- Grúpa na hAstráile.
- An Grúpa um Rialú Teicneolaíochta Diúracán.
- Grúpa na Soláthraithe Núicléacha.
- Comhshocraíocht Wassenaar.
- Coiste Zangger.

Déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ionadaíocht d'Éirinn ag gach ceann de na córais rialúcháin onnmhairí sin, mar shampla, maidir le freastal ar chruinnithe agus maidir le faisnéis a chomhroinnt le húdaráis náisiúnta ábhartha i mballtíortha eile de na córais. Oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go han-dlúth leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le hobair na gcóras.

Feidhmíonn na córais mar shocruithe polaitiúla ina bhfuil gach balltír freagrach as rialuithe onnmhairí a chur chun feidhme trína reachtaíocht náisiúnta féin agus trína n-údaráis náisiúnta riaracháin féin. Mar atá leagtha amach thíos, díríonn gach ceann de na córais ar chineálacha difriúla earraí dé-úsáide.

### Grúpa na hAstráile

Cuireadh Grúpa na hAstráile[28] ar bun sa bhliain 1985. Is é an príomhchuspóir atá aige leathadh arm ceimiceach agus bitheolaíoch a chosc agus airm cheimiceacha agus bhitheolaíocha a rialú.

Féachann Grúpa na hAstráile le rialuithe onnmhairí na dtíortha rannpháirteacha a chomhchuibhiú trí leas a bhaint as bearta ceadúnúcháin chun forbairt arm ceimiceach nó bitheolaíoch a chosc.

Cloíonn na rannpháirtithe i nGrúpa na hAstráile go docht le Prótacal na Ginéive (1925), leis an gCoinbhinsiún um Airm Bhitheolaíocha agus Thocsaineacha agus leis an gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha.

Rud eile atá faoi shainchúram Ghrúpa na hAstráile is ea rialú a dhéanamh ar mhiocrorgánaigh agus tocsainí agus ar threalamh áirithe monaraithe le haghaidh airm bhitheolaíocha.

Cuirtear cruinnithe Ghrúpa na hAstráile ar siúl uair amháin sa bhliain, i seisiún iomlánach, i bPáras agus déanann an Astráil cathaoirleacht orthu. Féadfar cruinnithe idirsheisiúin a chur ar siúl freisin, má mheastar go bhfuil siad riachtanach.

Tá 42 bhall ag Grúpa na hAstráile:

---

[28] Féach <http://www.australiagroup.net/en>.

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an tAontas Eorpach, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cipire, Poblacht na Cóiré, Poblacht na Tuirce, an Rómáin, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**An Córas um Rialú Teicneolaíochta Diúracán**

Cuireadh an Córas um Rialú Teicneolaíochta Diúracán[29] ar bun sa bhliain 1982. Is é an príomhchuspóir atá aige iomadú na gcóras seachadta gan foireann i gcomhair Airm Ollscriosta a chosc.

Déanann an Córas rialú ar na nithe seo a leanas: córais diúracán lena bhféadtar soic phléascáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha a iompar; lánchórais roicéad áirithe, lena n-áirítear feithiclí lainseála agus roicéid sondála; agus feithiclí ar eitilt gan foireann amhail ladrainn, aerfheithiclí gan foireann agus diúracáin chianrialaithe.

Trína reachtaíocht náisiúnta féin, cuireann na balltíortha treoirlínte an Chórais i bhfeidhm maidir le liosta comhchoiteann ítimí rialaithe an Chórais. Comhroinneann na balltíortha faisnéis lena chéile faoi shaincheisteanna ábhartha náisiúnta a bhaineann le ceadúnú onnmhairiúcháin.

Tionólann an Córas Cruinnithe Iomlánacha bliantúla, a ndéantar cathaoirleacht orthu ar bhonn uainíochta. Reáchtáiltear Cruinnithe Saineolaithe Teicniúla, Seisiúin Mhalartaithe Faisnéise agus Cruinnithe Saineolaithe Forfheidhmithe ar bhonn ad hoc.

Tá 35 bhall ag an gCóras um Rialú Teicneolaíochta Diúracán:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Bhrasaíl, Ceanada, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, an India, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cóiré, Cónaidhm na Rúise, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**Grúpa na Soláthraithe Núicléacha**

Cuireadh Grúpa na Soláthraithe Núicléacha[30] ar bun sa bhliain 1975. Is é an príomhchuspóir atá aige cosc a chur ar ítimí núicléacha a onnmhairítear chun críocha tráchtála nó sibhialtacha a bheith á n-úsáid chun airm núicléacha a tháirgeadh.

Foilsíonn an Grúpa Treoirlínte chuig a chuid balltíortha atá ag teacht leis na hionstraimí idirnáisiúnta éagsúla le haghaidh neamhleathadh arm núicléach. Foilsíonn an Grúpa liosta rialaithe de tháirgí núicléacha agus táirgí de chineál núicléach freisin. Nuashonraítear an liosta rialaithe sin gach bliain.

[29] Féach <http://mtcr.info>.
[30] Féach <http://www.nuclearsuppliersgroup.org/en>.

Ní mór do thíortha atá ag gabháil do tháirgí núicléacha agus táirgí de chineál núicléach a allmhairiú dearbhú a thabhairt do Rannpháirtithe an Ghrúpa nach mbeidh aon bhaint ag gníomhaíochtaí trádála den sórt sin le hairm núicléacha a fhorbairt.

Táthar ag súil go staonfaidh na balltíortha ó thrádáil núicléach le rialtais nach bhfuil faoi réir bearta agus cigireachtaí rialála idirnáisiúnta. Ina theannta sin, féadfaidh na balltíortha toirmeasc a chur ar onnmhairiú aon ítime a meastar go bhfuil sí le cur chuig clár arm núicléach, fiú amháin i gcás nach bhfuil an ítim atá le honnmhairiú ar áireamh ar liosta rialaithe an Ghrúpa.

Tionólann an Grúpa Cruinnithe Iomlánacha bliantúla, a ndéantar cathaoirleacht orthu ar bhonn uainíochta. Tugann dhá bhuanchomhlacht eile tuairisc don Chruinniú Iomlánach, is iad sin:

- An Grúpa Comhairleach, a théann i gcomhairle le baill ar shaincheisteanna a bhaineann le Treoirlínte ón nGrúpa.
- An Cruinniú Malartaithe Faisnéise, a reáchtáiltear díreach roimh Chruinniú Iomlánach an Ghrúpa agus ina dtugtar deis do bhaill faisnéis agus forbairtí a bhaineann le Treoirlínte ón nGrúpa a chomhroinnt lena chéile.

Tá 48 mball ag Grúpa na Soláthraithe Núicléacha:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bhealarúis, an Bheilg, an Bhrasaíl, an Bhulgáir, Ceanada, an tSín, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Chasacstáin, Poblacht na Cóiré, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is mar bhreathnóir a ghlacann an Coimisiún Eorpach páirt in obair an Ghrúpa.

**Comhshocraíocht Wassenaar**

Cuireadh Comhshocraíocht Wassenaar[31] ar bun sa bhliain 1996. Is é an príomhchuspóir atá léi cobhsaíocht agus slándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta a fheabhsú trí thrédhearcacht agus trí fhreagracht mhéadaithe a chur chun cinn sa dóigh a n-onnmhairítear gnáthairm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide. Le Comhshocraíocht Wassenaar, comhlánaítear agus neartaítear bearta le haghaidh neamhleathadh arm ollscriosta, amhail conarthaí idirnáisiúnta. Tá 41 bhall ag Comhshocraíocht Wassenaar.

Tá liosta rialaithe dhá chuid i gceist le Comhshocraíocht Wassenaar:

- An Liosta Earraí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, ina bhfuil naoi gcatagóir d'earraí dé-úsáide agus dhá iarscríbhinn d'ítimí íogaire agus d'ítimí an-íogair faoi seach.
- An Liosta Muinisean lena gcumhdaítear gnáth-threalamh míleata.

Tugtar le Comhshocraíocht Wassenaar treoirlínte do na balltíortha ar an dea-chleachtas maidir le hítimí liostaithe a rialú. Cuireann na balltíortha rialuithe onnmhairí náisiúnta i bhfeidhm maidir leis na hítimí liostaithe. Chomh maith leis sin, comhroinneann na Ballstáit faisnéis faoi

[31] Féach <http://www.wassenaar.org>.

onnmhairiú agus faoi dhiúltú ítimí rialaithe sonraithe chuig cinn scríbe sheachtracha. Comhroinneann siad faisnéis faoi tháirgí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide íogaire freisin.

Is é Cruinniú Iomlánach Wassenaar an comhlacht rialaithe ar an gComhshocraíocht. Tagann sé le chéile i Vín, an Ostair, gach bliain. Is ann d'fhochuideachtaí atá freagrach as moltaí a ullmhú do chinntí ón gCruinniú Iomlánach, is iad sin:

- An Grúpa Oibre Ginearálta, a phléann le hábhair a bhaineann le beartais.
- An Grúpa Saineolaithe, a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis na liostaí ítimí rialaithe.

Tá 41 bhall ag Comhshocraíocht Wassenaar:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, Meicsiceo, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na Cóiré, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**Coiste Zangger**

Cuireadh Coiste Zangger[32] ar bun sa bhliain 1974 tar éis shíniú an Chonartha in aghaidh Iomadú Núicléach.

Tugann Coiste Zangger treoir do na páirtithe uile sa Chonradh chun a chinntiú go n-úsáidtear ábhar agus trealamh núicléach ar bhealach síochánta.

Sonraítear an trealamh agus an t-ábhar i gceist i Liosta Rialaithe Choiste Zangger.

De ghnáth, tagann Coiste Zangger le chéile ar bhonn bliantúil, agus is í Aireacht Eachtrach na hOstaire a óstálann na cruinnithe.

Tá 39 mball ag Coiste Zangger:

an Airgintín, an Astráil, an Ostair, an Bhealarúis, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an tSín, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an tSeapáin, an Chasacstáin, Poblacht na Cóiré, Lucsamburg, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Afraic Theas, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an tAontas Eorpach ina bhreathnóir buan ar obair an Choiste.

[32] Féach <http://zanggercommittee.org>.